Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Cuisle

ealaín na Gaeltachta

# Taighde Dána 2024

## Ceol Leictreonach, Tobchumadóireacht, agus na hEalaíona Dúchais

**Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe**

**11-12 Deireadh Fómhair 2024**

***Tionól cruthaitheach do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta***



***Cruthaitheacht***

***Dánaíocht***

***Dúchas***







Cad é an nasc idir an ceol traidisiúnta agus an ceol comhaimseartha ó thaobh na cruthaitheachta de? Cad iad na buanna a bhronnann an traidisiún dúchais ar an té a thugann faoin nua-chumadóireacht? Cad é an nasc idir na healaíona traidisiúnta agus an nua-cheol turgnamhach?

Déanfaidh *Taighde Dána* 2024 iniúchadh ar na ceisteanna seo trí mheán an chleachtais chruthaithigh féin. Gheofar éachtaint ann ar an nasc idir na healaíona dúchais agus an chumadóireacht dhigiteach, an tobchumadóireacht, an turgnamhacht, an chumadóireacht rap, an saor-rince comhaimseartha, agus go leor eile. Thar aon rud eile, gheofar léargas ar an imeartas beo cruthaitheach i measc ealaíontóirí traidisiúnta agus comhaimseartha eiseamláireacha ár linne féin.

Is tionól ealaíonta é *Taighde Dána* a chruthaíonn spás ar leith d'ealaíontóirí na Gaeilge agus na Gaeltachta chun a gcleachtas cruthaitheach féin a phlé, a fhorbairt, agus a roinnt, agus chun an chéad ghlúin eile d'ealaíontóirí na Gaeilge agus na Gaeltachta a spreagadh chun gnímh.

*Saorchead isteach go dtí imeachtaí uile an tionóil, ach is gá clárú roimh ré ag taighdedana@ollscoilnagaillimhe.ie*

***Maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta agus Ollscoil na Gaillimhe***

***Foireann an Tionóil:***
*An tOllamh Tríona Ní Shíocháin, Ollscoil na Gaillimhe (comhstiúrthóir), An Dr Síle Denvir, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (comhstiúrthóir), Nada Ní Chuirrín, Ollscoil Mhá Nuad (comhstiúrthóir), Freda Nic Giolla Chatháin (Ealaín na Gaeltachta), Aoife Ní Chonghaile (Ealaín na Gaeltachta)*

**Eolas: taighdedana@ollscoilnagaillimhe.ie**

## Dé hAoine, 11 Deireadh Fómhair 2024
## Seanscoil Sailearna



**14.00-16.00 Dúchas agus Nuálacht: Fóram Plé agus Cleachtais**

*Painéal cainte agus taispeántaisí ó scoth na n-ealaíontóirí agus iad ag labhairt linn faoina gcleachtas cruthaitheach féin agus á léiriú go praiticiúil.*

Cathaoirleach: Tríona Ní Shíocháin

Aíonna: Johnny Óg Connolly, Peadar-Tom Mercier,
Úna Monaghan, Eoghan Ó Ceannabháin



**16.30-18.00 Ceardlann Cheoil le Seamus Hyland**

Aoisghrúpa: 16-23

Cainteoir Gaelainne ó bhruach na hAbha Móire i gContae Phort Láirge is ea Seamus Hyland a sheinneann an bosca ceoil agus an mileoidean. Tagann sé ó theaghlach mór rince seite, agus ba é a shin-seanmháthair féin a sheinneadh an mileoidean go háitiúil do rinceoirí an cheantair. Tá stíl an-traidisiúnta aige, ach tá an-taithí aige ar chur chuige turgnamhach a fhí ar a chleachtas cruthaitheach chomh maith.

Beidh deis ag rannpháirtithe na ceardlainne seo páirt a ghlacadh sa cheolchoirm Dé Sathairn ar a 1pm más mian leo chomh maith.



**18.00-19.30 Dinnéar an Tionóil - An Builín Blasta, An Spidéal**

**20.00-21.30 Ceolchoirm an Tionóil i Seanscoil Sailearna**
le hÚna Monaghan, Johnny Óg Connolly, Eoghan Ó Ceannabháin, Micheál Ó Maoilchiaráin, Bláithín Mhic Cana, agus Nada Ní Chuirrín

**22.00 Seisiún ceoil an tionóil i dTigh Mholly**












**Dé Sathairn, 12 Deireadh Fómhair 2024**
**Seanscoil Sailearna**

**10.00-12.00 Ceardlann amhránaíochta agus ceapadóireachta le Síle Denvir, Séamus Barra Ó Súilleabháin (Súil Amháin), agus Garry McCarthy (Kalabanx/GMC)**

Aoisghrúpa: 16-23

Sa cheardlann seo, beidh deis ag ealaíontóirí óga píosaí rap agus amhránaíochta a chomhchruthú i gcomphháirt le Súil Amháin, Síle Denvir, agus an léiritheoir ceoil, Garry McCarthy (Kalabanx/GMC), agus ansan páirt a ghlacadh sa cheolchoirm thurgnamhach ag a 1pm más mian leo chomh maith.

**12.00 lón éadrom**

**13.00-14.00  Lár an Lae Ghil – Ceolchoirm Thurgnamhach**

Ceolchoirm thurgnamhach i gcomhpháirt le Síle Denvir, Séamus Barra Ó Súilleabháin, Garry McCarthy, Seamus Hyland, Katie Ní Chéilleachair, Gormfhlaith Ní Shíocháin Ní Bheoláin, Nada Ní Chuirrín, Tríona Ní Shíocháin, agus na ceoltóirí agus na hamhránaithe a d'fhreastail ar na ceardlanna

14.30 Iarphlé
Áisitheoir: Marianne Ní Chinnéide

15.00 Críoch an tionóil agus seisiún an dorais i dTigh Mholly

*Saorchead isteach go himeachtaí uile an tionóil, ach is gá clárú roimh ré ag*
***taighdedana@ollscoilnagaillimhe.ie***

# Ealaíontóirí Thaighde Dána 2024

Óna athair, Johnny Connolly a rugadh in Inis Bearachain agus ó Mhicheál Mheáirt Ó Coisdealbha a thug J**ohnny Óg Connolly** leis cuid mhór dá chuid ceoil.  Is cumadóir ceoil chomh maith é agus tá sraith dlúthdhioscaí foilsithe aige. Orthu seo tá Aisling Yoshua (Joshua's Dream) a foilsíodh 2011 agus a bhain an 'Irish Times Ticket Award' amach don albam ceol tradisiúnta is fearr, agus 'An Cosán Draíochta', a cuireadh ar stáitse i Stiúideo Cuan sa Spidéal i 2021. Tá cáil ar Johnny Óg Connolly mar cheoltóir agus mar chumadóir ar fud an domhain mhóir.

Scoláire idirdhisciplíneach, amhránaí sean-nóis agus cláirseoir í an **Dr Síle Denvir** a rugadh agus a tógadh in Indreabhán i gConamara.  Eisíodh a halbam is deireanaí, *Anamnesis*, i 2023 agus bronnadh Gradam Ceoil TG4 d'Amhránaí na Bliana 2023 uirthi freisin. Tá cáil ar Shíle ar fud an domhain mar ealaíontóir agus mar scoláire, agus bronnadh Gradam Nós 2024 ar an albam *Bláth na hÓige* a stiúraigh sí i gcomhpháirt le Colm Mac Con Iomaire. Tá suim mhór aici sa chleachtas ealaíonta mar ghort taighde, agus bíonn go leor tograí nuálacha ar bun aici atá fréamhaithe sna healaíona dúchais.

Is ceoltóir, damhsóir agus amhránaí é **Seamas Hyland** ó Co. Phort Láirge atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath anois. Tar éis a bheith mar bhall den ghrúpa 'The Mary Wallopers' ar feadh 2 bhliain, tá sé anois ag díriú ar a chuid ceoil féinig. D'eisigh sé a chéad albam aonair, *Maidin Domhnaigh*, i mbliana.  Cuid lárnach dá chleachtas cruthaitheach is ea an ceol trialach agus an ceol traidisiúnta araon.

Is léiritheoir ceoil, cumadóir amhrán, rapálaí, agus áisitheoir ceardlann don aos óg é **Gary McCarthy (nó 'GMC' nó 'Kalabanx'**) a bhfuil cáil bainte amach aige ar fud an domhain as a shaothar ceoil agus as an obair chruthaitheach a bhíonn á déanamh aige le daoine óga.  Tá sé ina chomhordaitheoir ar an stiúidió clúiteach, 'The Kabin', i gCnoc na hAoine i gCathair Chorcaí. Tá ceangal muintearais aige le Gaeltacht Mhúscraí, áit ina bhfuil obair chruthaitheach déanta aige le hóige Mhúscraí i gcomhpháirt le Séamus Barra Ó Súilleabháin.

Amhránaí clúiteach ó cheantar Oirialla is ea **Bláithín Mhic Cana.** Ba bhuaiteoir í ar Chorn Mháire Mhic Donnchadha ag Oireachtas na Samhna 2019, Corn Uí Chriagáin- Sean Nós na Fearsaide 2019, agus bhain sí bonn cré-umha i gComórtas Sean-Nós na mBan 2022.  Bronnadh an gradam iomráiteach Sean-Nós Cois Life uirthi i 2024. Tá togra MA i dtaibhealaíona na Gaeilge ar bun aici faoi láthair, ag díriú go háirithe ar a cleachtas cruthaitheach féin mar amhránaí, agus ar shealbhú na n-amhrán i measc an aosa óig ina ceantar féin.

Is ceoltóir agus teagascóir é **Peadar-Tom Mercier** ó Chonamara a chasann giotár agus fidil. Bíonn sé ag plé le ceol  traidisiúnta, spásdóireacht, gleo agus seafóid chomhaimseartha. Tá sé mar pháirt de ghrúpa darbh ainm Trá Pháidín. Tá albam acu faoin 424. 'Sé Déardaoin an lá is fearr leis sa tseachtain. Bronnadh Gradam Nós ar an albam *424* agus ar an bhfíseán *Maidin Heinz* le Trá Pháidín i 2024.

Is cláirseoir, cumadóir, taighdeoir agus ealaíontóir fuaime í an **Dr Úna Monaghan**. Bíonn sí ag comhoibriú, ag tobchumadh agus ag taibhiú le filí, ealaíontóirí físe, ríomhairí, scríbhneoirí agus ceoltóirí. Bhronn An Chomhairle Ealaíon agus An Ceoláras Náisiúnta Duais Liam O'Flynn uirthi i 2019, agus bhí sí ina Comhalta Taighde Rosamund Harding sa cheol i Newnham College, Ollscoil Cambridge ó 2016-2019. Is léachtóir le Fuaim agus Ceol í in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a ndíríonn sí a cuid taighde ar na crosbhealaí idir ceol traidisiúnta na hÉireann, cleachtais cheoil thurgnamhacha, tobchumadh agus teicneolaíochtaí idirghníomhacha.

# Ealaíontóirí Thaighde Dána 2024 (ar lean.)

Is DJ, cumadóir digiteach, agus físealaíontóir í Katie Ní Chéilleachair ó Cho. Chorcaí. Tá cáil uirthi mar gheall ar úire a saothair agus na slite cruthaitheacha ina nascann sí íomhánna agus feistis lena saothar ceoil. Is ball den ghrúpa turgnamhach *Skomul* í i gcomhpháirt le Caoimhe Ní Shúilleabháin ó Iarthar Duibhneach, agus tá sí tar éis a bheith ar stáitse go minic le Súil Amháin agus mórán ealaíontóirí nuálacha eile. Spreagann saothar Ní Chéilleachair idir rince agus mhachnamh.

Is léachtóir le hamharclannaíocht in Ollscoil na Gaillimhe í **Marianne Ní Chinnéide**. Tá a hainm in airde mar stiúrthóir agus mar ealaíontóir amharclannaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain, agus tá cáil go speisialta ar cheannródaíocht a saothair, ar a n-áirítear *STRINGS, ROPES AND CHAINS: Silencing the Voice of a People* le Garraí an Ghiorria a cuireadh ar stáitse in Amharclann na Mainistreach, i measc go leor rudaí eile.

Is scoláire dochtúireachta, damhsóir ar an sean-nós agus ceoltóir traidisiúnta í **Nada Ní Chuirrín**. Tá sí ag tabhairt faoi PhD sa Nua-Ghaeilge (Taighde Ealaíonta) faoi láthair in Ollscoil Mhá Nuad, faoi stiúir an Ollaimh Tríona Ní Shíocháin, ag díriú go sonrach ar an damhsa ar an sean-nós. Bhuaigh Nada Corn TG4 don gComórtas Damhsa ar an Sean-nós ag Oireachtas na Samhna i 2018 agus tá sí tar éis damhsa ar stáitsí ar fud an domhain mhóir. Tá suim ar leith aici i gcleachtais dhúchais an damhsa, chomh maith le teoiricí na béalaireachta agus an taibhléirithe.

Is ceoltóir, amhránaí,  rinceoir seite, agus scoláire idirdhisciplíneach Ceoil agus Gaelainne í **an tOllamh Tríona Ní Shíocháin.** Ceapadh í le déanaí ina hOllamh Bunaithe le Ceol agus Taibhealaíona in Ollscoil na Gaillimhe. Tá mórán foilsithe aici ar thraidisiún na hamhránaíochta agus is saineolaí í ar amhráin Mháire Bhuí Ní Laeire, banfhile mór na Mumhan. Tá suim mhór aici sna healaíona Gaelainne agus Gaeltachta, agus i gcur chun cinn an chleachtais chruthaithigh mar mhodh taighde. Bhunaigh sí an tionól ealaíonta *Taighde Dána* i 2021, agus tá sí ina ball de choiste stiúrtha IMBAS fé láthair.

Is amhránaí, ceoltóir, agus cumadóir amhrán é **Eoghan Ó Ceannabháin** atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ach gurb as Gaeltacht Chonamara dá mhuintir. Bronnadh Gradam TG4 Amhránaí na Bliana air i 2024, agus bronnadh Gradam Cheol Tíre RTÉ faoi dhó air i 2024 don amhránaí is fearr agus don traic nua-chumtha is fearr.  Is ball é den ghrúpa Skipper's Alley, agus  tá sé tar éis ceol a chruthú i gcomhpháirt leis an ngrúpa electronica/traidisiúnta, Jiggy, agus go leor ceoltóirí agus grúpaí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Is as an Aird Thoir i gCarna é **Micheál Ó Maoilchiaráin** – fonnadóir a thug leis a chuid amhrán óna mhuintir; a mháthair, Bairbre, agus a dheirfiúracha Máire agus Bríd Ní Mhaoilchiaráin. Tá sé ag éisteacht le taifeadtaí d'amhráin a gharuncail, Joe Éinniú, ó bhí sé ina pháiste agus tá an-tionchar aige sin ar a stíl féin. Tá Micheál ag déanamh taighde PhD faoi stiúir an Ollaimh Tríona Ní Shíocháin in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair agus tá an amhránaíocht ar an sean-nós i gcroílár an taighde.

File agus cumadóir amhrán is ea an **Dr. Séamus Barra Ó Súilleabháin** agus is féidir a shaothar a chlos ar líne fén ainm 'Súil Amháin'. Eisíodh albam nua le Súil Amháin agus Bantum le déanaí dar teideal athPhORT. Bhí Súil Amháin le clos ar Raidió 1 ag amhrán le Ceolfhoireann RTÉ i 2023, agus i 2024 bronnadh Gradam Nós ar an amhrán *Murda Meaisín* a chum sé féin agus Rob Mulhern. Tá aitheantas go forleathan aige mar dhuine d'ealaíontóirí móra Gaeilge ár linne féin. Is léachtóir le Gaeilge é in Ollscoil Luimnigh.

# Taighde Dána

*Cruthaitheacht, Dánaíocht, Dúchas*

**Bígí linn!**

taighdedana@ollscoilnagaillimhe.ie

